Coirib go Cósta
Scéim Faoisimh Tuilte Chathair na Gaillimhe
Galway City Flood Relief Scheme

Rannpháirtíocht Phoiblí - Lá Uimh.2

# Tír Oileáin

Clár
**16**




Limistéar is ea Tír Oileán atá suite ar an taobh thoir d'Abhainn na Gaillimhe, agus ar an taobh ó dheas de Dhroichead na gCúig Céad, ina bhfuil forbairtí cónaithe agus tráchtála suite thart ar Abhainn Thír Oileáin. Tá claífort ann faoi láthair chun cosaint a thabhairt ar thuilte atá suite ar feadh Bhóthar na Díge. Tá an limistéar i mbaol tuilte abhann. Rinneadh dhá chaighdeán éagsúla cosanta a mheasúnú don limistéar seo, an Cás Reatha agus an Cás Todhchaíoch Meánraoin (MRFS) AEP abhann 1%. Tugadh faoi seo mar gheall go bhféadfadh tuilte a mhairfeadh thart ar coicís tarlú mar thoradh ar iarmhairtí de bharr scaileogú thar mhullach na cosanta atá beartaithe le linn eachtraí abhann a sháraíonn an Cás reatha maidir le Dóchúlacht Sáraithe Bliantúil (AEP) 1%.

## Ceisteanna maidir le Tír Oileáin




## Cúrsaí mar atá faoi láthair

Bóthar na Díge




## Rogha 1: Claífort agus Balla


Mar chuid den rogha seo, moltar meascán de bhallaí cosanta tuilte agus claífort ar feadh Bhóthar na Díge. Sa rogha seo, beidh ailíniú na cosanta atá beartaithe seach-churtha ó Limistéar faoi Chaomhnú Speisialta Abhainn na Gaillimhe. Déanfar an struchtúr rialaithe srutha reatha atá in oibreacha uisce Thír Oileáin a choinneáil/uasghrádú.

**Na Príomhghnéithe**

1. Ballaí cosanta tuilte 0.6 – 1.7m
2. Claífort tuilte 1.75 nó 2.15m




Rogha 1: Bóthar na Díge





## Rogha 2: Balla


Mar chuid den rogha seo, moltar balla cosanta tuilte ar feadh Bhóthar na Díge. Sa rogha seo, beidh ailíniú na cosanta atá beartaithe seach-churtha ó Limistéar faoi Chaomhnú Speisialta Abhainn na Gaillimhe. Déanfar an struchtúr rialaithe srutha reatha atá in oibreacha uisce Thír Oileáin a choinneáil/uasghrádú.

**Na Príomhghnéithe**

1. Ballaí cosanta tuilte 0.6m – 1.7m




Rogha 2: Bóthar na Díge





## Rogha 3: Claífort


Mar chuid den rogha seo, moltar claífort ar feadh Bhóthar na Díge. Síneann an claífort isteach i Limistéar faoi Chaomhnú Speisialta Abhainn na Gaillimhe. Tá na leibhéil talún mar atá faoi láthair ar feadh an ailíniú atá beartaithe níos airde ná an t-ailíniú níos cóngaraí don bhóthar, dá bhrí sin, ní gá go mbeadh na hairdí cosanta atá ag teastáil le hais leibhéil na talún mar atá faoi láthair chomh hard is a bheidís i gcomparáid le Roghanna 2 agus 3 chun an caighdeán cosanta céanna a chomhlíonadh. Déanfar an struchtúr rialaithe srutha reatha atá in oibreacha uisce Thír Oileáin a choinneáil/uasghrádú.

**Na Príomhghnéithe**

1. Claífort tuilte 0.6 – 1.55m




Rogha 3: Bóthar na Díge




**Is chun críocha léiritheacha amháin atá an léaráid ealaíontóra maidir leis na tograí a léirítear thuas. Is faoi réir dearadh mionsonraithe a bheidh an rogha scéime is mó a bhfuil luí leis, lena n-áireofar, ach gan a bheith teoranta do mheasúnaithe teicniúla, ceaduithe pleanála, rannpháirtíocht bhreise leis an bpobal agus le páirtithe leasmhara agus ceanglais reachtúla nó rialála eile. D'fhéadfadh sé go mbeadh difríocht sna hábhair tógála a úsáidfear agus sa bhailchríoch/chuma a bheidh ar na gnéithe.**


Tionscadal Éireann Project Ireland 2040
OPW Oifig na nOibreacha Poiblí Office of Public Works
Comhairle Cathrach na Gaillimhe Galway City Council
BSM Est. 1968 Brady Shipman Martin. Built. Environment.
ARUP


Scála an Phóstaeir: A0